Schools Procurement Unit

**EAGRÁN 3:**
BEALTAINE/MEITHEAMH 2017

# Nuachtlitir Sholáthair

## San eagrán seo . . .

- An scéala is déanaí faoi na creataí atá ar fáil do scoileanna
- Cíoradh ar an gcreat stáiseanóireachta nua ó thaobh na scoile de
- Ábhair eile a mbeidh suim ag scoileanna iontu
- Ar na bacáin


## An scéala is déanaí faoi na creataí atá ar fáil do scoileanna

Tá roinnt creat-chomhaontuithe nua tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais le déanaí agus beidh fáil ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil orthu amach anseo. Tá na sonraí ar fad faoi gach creat, faoi réimse na n-earraí agus na seirbhísí a mbaineann siad leo agus faoin meicníocht shainithe íostarraingthe le fáil do cheannaitheoirí 'cláraithe' ar www.procurement.ie. Tá na sonraí sin le fáil ar an leathanach atá dírithe ar Scoileanna, atá laistigh de Crios na gCeannaitheoirí, ar www.procurement.ie.

Creat Ilsoláthraithe maidir le Soláthar Ceimiceán agus Imoibrithe Saotharlainne/Taighde - Clúdaíonn an creat breis is 900,000 ceimiceán agus imoibrí saotharlainne/taighde i 17 mbeart. https://bz.procurement.ie/contracts/4162

Creat-Chomhaontú Ilsoláthraithe maidir le Soláthar Seirbhísí Nascachta Líonra Achair Fhairsing (WAN) - Nascacht WAN a sholáthar, a shuiteáil, a choimisiúnú agus a chothabháil https://bz.procurement.ie/contracts/4163

Creat Ilsoláthraithe maidir le Soláthar Soláthairtí Stáiseanóireachta agus Oifige: https://bz.procurement.ie/contracts/4152



TÁ AN TAONAD AR TWITTER ANOIS
@SPUireland




# An creat nua maidir le soláthairtí stáiseanóireachta agus oifige

## Céard iad na táirgí agus cén chaoi ar féidir linn rochtain air?

Seo a leanas na táirgí (de réir catagóire) a sholáthraítear faoin gconradh seo:

| Catagóir | Réimse táirgí |
|---|---|
| **Greamacháin** | Maidí gliú, Greamachán spraeála, Téip, Crúca agus Lúb fabraice |
| **Leabhair agus bloic** | Leabhair lámhscríbhinne, Bloic meabhráin, Leabhair nótaí, Bloic athlíonta |
| **Oiriúintí deisce** | Mála cáipéisí, cás CD/DVD, Tralaí cliathbhoscaí infhillte, Mála droma do ríomhaire glúine, Tráidirí litreacha, Cás píolóta, Cró pinn |
| **Stáiseanóireacht Oifige** | Fáiscíní, Leachtanna agus rollóirí ceartúcháin, Osclóir litreacha, Táib leathanaigh, Pollaire, Rialóir, Siosúr, Stáplóir, Eastarraingteoir stáplaí, Nótaí greamaitheacha, Blu-tack, Rannóir téipe, Scoráin chomhaid |
| **Rudaí Leictreacha** | Cadhnraí, Áireamháin |
| **Clúdaigh litreach** | Clúdaigh chairtchláir, Clúdaigh phacáistíochta, Clúdaigh pháipéir, Clúdaigh uiscedhíonacha |
| **Comhdú agus stóráil** | Boscaí cartlainne, Comhaid bhosca, Comhaid, Fillteáin, Pócaí plaisteacha, Roinnteoirí ábhair |
| **Lipéid** | Lipéid seolta, Lipéid ríomhaireachta, Lipéid do dhioscaí/CDanna/DVDanna, Lipéid fillteáin, Lipéid frainceála, Lipéid meán, Lipéid ilchuspóireacha, Lipéid chlibe |
| **Oiriúintí oifige** | Ciarsúir ghlantacháin, Araidí bruscair |
| **Trealamh oifige (beag)** | Ceanglóirí, Meaisíní lipéadaithe, Lannaitheoirí, Stiallairí, Bearrthóirí |
| **Pacáistíocht** | Cumhdach bolgóideach, Rannóir téipe pacáistíochta, Bosca pacáistíochta, Coirdín, Páipéar beartáin |
| **Páipéar** | Ceap smeach-chairte, Páipéar liostaithe |
| **Páipéar fótachóipeála agus páipéar ilchuspóireach oifige** | Páipéar oifige gearrtha (20 réam ar a mhéad) |
| **Cur i láthair agus taispeáint** | Clúdaigh cheangail/thuairisce, Fáisc-chlár, Fáinní cíorcheangail, Cairteacha seastáin, Tiachóga lannaithe, Cláir fógraí, Ceangláin fháinneacha, Suaitheantais do chuairteoirí, Cláir bhána |
| **Stampaí** | Stampaí saincheaptha, Stampaí dáta, Stampaí sínithe, Ceap dúigh, Stampaí focail |
| **Ábhair scríbhneoireachta** | Pinn aibhsithe, Pinn, Pinn luaidhe, Buan-mharcóirí, Marcóirí don chlár bán |



## Cé hiad na soláthraithe atá i ngach Beart?

| Beart | Ball den Chreat ar Bronnadh na Tús-Chonarthaí Earraí Air | Bainistíocht Dáta Tosaithe |
|---|---|---|
| 2 | Lyreco Ireland Teo. | 01/07/2017 |
| 3 | Jones Business Systems Teo. | 01/07/2017 |
| 4 | Office Depot Ireland Teo. | 01/07/2017 |
| 5 | Fagan Office Supplies Teo. (Cuibhreannas le Stakelum Office Supplies) | 06/06/2017 |
| 6 | Codex Teo. (An Príomhchonraitheoir) Cuibhreannas le Kelly Office Supplies Teo. | 01/07/2017 |
| 7 | Eciffo Office Teo. (An Príomhchonraitheoir) Cuibhreannas le Spicers Ireland Teo. | 01/07/2017 |

## Cén beart a bhaineann le mo scoilse?

| Beart | Scoileanna de réir Suíomh Geografach |
|---|---|
| 2 | Scoileanna atá suite i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara, i Lú, sa Mhí agus i gCill Mhantáin |
| 3 | Scoileanna atá suite i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman |
| 4 | Scoileanna atá suite sa Chlár, i gCorcaigh, i gCiarraí agus i Luimneach |
| 5 | Scoileanna atá suite i Laois, sa Longfort, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí |
| 6 | Scoileanna atá suite i nGaillimh, i Liatroim, i Maigh Eo, i Ros Comáin agus i Sligeach |
| 7 | Scoileanna atá suite sa Chabhán, i dTír Chonaill agus i Muineachán |

Tá na praghsanna comhaontaithe le haghaidh na míreanna ar leith atá conraithe faoi gach Tús-Chonradh Earraí a bronnadh ar leibhéal na mbeart aonair;

- Beidh na praghsanna socraithe go dtí deireadh gach Tús-Chonartha Earraí;
- Tá costais seachadta san áireamh i ngach praghas, ach níl CBL san áireamh;
- Is féidir le cliaint catalóg de na táirgí a bhfuil conradh ann ina leith, mar aon lena bpraghsanna, a fháil ón soláthraí a bhfuil an conradh aige le haghaidh do bhirt i réimse formáidí éagsúla, lena n-áirítear: cóip bhog; cóip chrua agus / nó ríomhchatalóg.
- Ní bheidh aon lascainí breise ar fáil faoi na conarthaí sin.

## Cén chaoi ar féidir le mo scoil rochtain ar an gcreat?

- Téigh chuig an láithreán gréasáin ag www.ogp.gov.ie le cóip den Fhoirm 'Notification to Activate Goods' a íoslódáil (NAGF/ Sceideal E).
- Roimh aon rud a ordú ón Soláthraí Creata cuí le haghaidh do bhirt, ní mór duit an NAGF údaraithe a shíniú agus a chur ar ais chuig an soláthraí conraithe cuí.

# AR NA BACÁIN

Mar eolas duit, beidh creat-chomhaontuithe nua sna réimsí seo a leanas ar fáil thart ar thús na scoilbhliana nua.

- **Scéim Leabhar Scoile ar Cíos**
- **Ríomhairí deisce agus glúine**

Tá tionscadal ar bun faoi láthair le socruithe foinsithe rochtana dírí a chur ar fáil do scoileanna i gcomhair ríomhairí deisce agus glúine, idir ghnáthleagan agus ardleagan. Is éard atá i gceist le foinsiú rochtana dírí ná go gcuirfear an próiseas soláthair i gcrích thar do cheann agus go bhféadfaidh do scoil na gléasanna sin a ordú ón soláthraí ainmnithe go díreach. Glactar leis go mbeidh scoileanna in ann ríomhairí deisce agus glúine a fhoinsiú go díreach faoi na socruithe nua sin faoi thús/lár mhí Mheán Fómhair.

Tar éis an tionscadal a chur i gcrích go rathúil, déanfar arís is arís eile é i dtaca leis na ceithre chreat eile de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais a bhaineann le crua-earraí TFC. Arís, beidh sé mar aidhm acu an próiseas soláthair a thógáil amach as na scoileanna agus socruithe foinsithe rochtana dírí a chur ar fáil le haghaidh réimse leathan gléasanna TFC.

# Ábhair eile a mbeidh suim ag scoileanna iontu

## An Treoir do Scoileanna maidir le Soláthar

Faoin am seo, tá cóip chlóite den 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair' faighte ag gach uile scoil sa tír ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna. Tá an Treoir ceaptha mar áis thagartha faoin dea-chleachtas, rud ar féidir le pearsanra scoile breathnú air le treoir a fháil ar gach uile ghné den soláthar a théann i gcion ar fheidhmiú a scoile. Glactar le cur chuige praiticiúil, céim ar chéim, sa treoir i leith comhairle a thabhairt maidir le próisis chuí soláthair do scoileanna.

Mura bhfuil do chóip faighte agat go fóill nó más mian leat cóipeanna breise a iarraidh, seol r-phost chuig procurementsupport@jmb.ie, agus bíodh do sheoladh iomlán poist luaite agat. Tá cóip den treoir ar fáil i nGaeilge chomh maith. Is féidir cóipeanna leictreonacha den dá leagan a íoslódáil anseo - https://www.jmb.ie/procurement-guide

## Leathanach atá dírithe ar scoileanna ar www.procurement.ie

Tá leathanach ar leith atá dírithe ar scoileanna le fáil ar www.procurement.ie anois. Le rochtain ar an leathanach, ní mór do phearsanra scoile a bheith ina úsáideoir cláraithe ar an láithreán gréasáin agus dul chuig 'Crois na gCeannaitheoirí' - https://bz.procurement.ie/useful-links Tá machnamh á dhéanamh i láthair na huaire ar fheabhsuithe breise d'fhonn an eispéireas úsáideora a fheabhsú.

Is mian leis **an Aonad um Sholáthar do Scoileanna** beannachtaí a chur chuig na scoileanna ar fad agus tá súil againn go mbeidh saoire thaitneamhach, shuaimhneach agaibh uile. Beidh oifig an Aonaid ar oscailt i rith na saoirí scoile agus táimid ag tnúth go mór le tuilleadh tacaíochta agus seirbhíse a chur ar fáil duit le do riachtanais soláthair scoile.

LEAN MUID
@SPUireland

Maidir le fiosruithe ginearálta, aiseolas ar leith nó moltaí ar an gcaoi is féidir linn an tseirbhís a sholáthraimid do do scoil, nó d'earnáil na scoileanna trí chéile, a fheabhsú, féach ar ár sonraí teagmhála anseo thíos le do thoil.

**An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,**
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB), Teach Emmet,
Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

**T:** 01 203 5899 **F:** 01 269 5461
**G:** www.jmb.ie/school-procurement **R:** procurementsupport@jmb.ie